An t-athrú ar na difreálacha inscne fostaíochta, pá agus pinsean san Aontas Eorpach





Foinse: Eurostat.

Léirítear sna grafaicí an dul chun cinn atá déanta maidir le bearnaí inscne i bpá agus i bpinsin a laghdú, agus maidir le rátaí fostaíochta na bhfear agus na mban araon san Aontas a mhéadú le cúig bliana anuas. Mar sin féin, bagraíonn paindéime Covid-19 an dul chun cinn i dtreo na bearnaí inscne sin a dhúnadh.

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (2017) agus Dearbhú Porto (2021)

Tá an comhionannas inscne ar cheann de na prionsabail i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, i láthair na gcomhpháirtithe sóisialta, ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta Eorpach a tionóladh in Göteborg in 2017.

An 8 Bealtaine 2021, tar éis Chruinniú Mullaigh Sóisialta Phorto, ghlac an Chomhairle Eorpach Dearbhú Porto, inar thug sí gealltanas go ndéanfadh an tAontas 'obair ghníomhach chun bearnaí inscne san fhostaíocht, sa phá agus i bpinsin a dhúnadh'.